An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**EUCO 31/22**

**CO EUR 27**
**CONCL 6**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (20 agus 21 Deireadh Fómhair 2022) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. AN ÚCRÁIN/AN RÚIS

**An géarú atá ag teacht ar fhogha na Rúise**

1. Dhírigh an Chomhairle Eorpach a haird ar an ngéarú atá ag teacht ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, a bhfuil síocháin agus slándáil na hEorpa agus an domhain á chur i mbaol aige. Tá rún daingean ag an gComhairle Eorpach cur i gcoinne na bréagaisnéise darb aidhm ár n-iarrachtaí comhchoiteanna a chur ó rath, ár n-iarrachtaí sin chun ceannasacht na hÚcráine agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chosaint. Athdhearbhaíonn sí gurb í an Rúis, agus an tír sin amháin, atá freagrach as na géarchéimeanna fuinnimh agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair.

2. Cáineann an Chomhairle Eorpach go neamhbhalbh na hionsaithe diúracán agus ladrann neamh-idirdhealaitheacha a rinne an Rúis le déanaí ar shibhialtaigh agus ar réada sibhialtacha agus ar bhonneagar sibhialtach i gCív agus ar fud na hÚcráine. Cáineann sí freisin a bhfuil déanta ag an Rúis ag gléasra cumhachta núicléiche Zaporizhzhia na hÚcráine agus cuireann sí i dtreis go dtacaíonn an tAontas Eorpach le hiarrachtaí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach sábháilteacht, slándáil agus coimircí na saoráide a chothabháil.

3. Á mheabhrú di ráiteas an 30 Meán Fómhair 2022, agus i gcomhréir leis an Rún ó Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 12 Deireadh Fómhair 2022, déanann an Chomhairle Eorpach an ionghabháil mhídhleathach a rinne an Rúis ar réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson na hÚcráine a cháineadh go neamhbhalbh an athuair agus diúltaíonn sí, arís eile, don ionghabháil sin. Fearacht chás na Crimé agus Sevastopol roimhe seo, ní aithneoidh an tAontas Eorpach an ionghabháil mhídhleathach sin choíche. Tá cinntí aontaobhacha na Rúise ina sárú glan ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus neamhaird iomlán á déanamh acu den ord idirnáisiúnta riailbhunaithe. Níl aon bhonn dlisteanach ag an Rúis le beart dá laghad a dhéanamh ar chríoch na hÚcráine.

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí go hiomlán le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine. I gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe agus leis an dlí idirnáisiúnta, is é a ceart bunúsach féinchosanta atá á fheidhmiú ag an Úcráin i gcoinne fhogha na Rúise. Tá sé de cheart aici na críocha uile atá faoi fhorghabháil laistigh dá teorainneacha arna n-aithint go hidirnáisiúnta a shaoradh agus smacht iomlán a fháil an athuair orthu.

5. Éilíonn an Chomhairle Eorpach go ndéanfadh an Rúis a fórsaí míleata uile a tharraingt siar láithreach gan choinníoll ó chríoch iomlán na hÚcráine laistigh dá teorainneacha arna n-aithint go hidirnáisiúnta, mar a d'éiligh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe freisin, agus go gcuirfeadh an Rúis deireadh leis na hionsaithe hibrideacha uile i gcoinne na hÚcráine.

6. Na coireanna cogaidh atá á ndéanamh in aghaidh mhuintir na hÚcráine, ar i méid atá an fhianaise ina leith ag dul, agus an scrios leanúnach atá á dhéanamh ar an mbonneagar sibhialtach, is sárú follasach ar an dlí idirnáisiúnta iad. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil rún daingean aige an Rúis, agus déantóirí uile na gcoireanna agus na comhchoirithe ar fad, a thabhairt chun cuntais, agus athdhearbhaíonn sé go dtacaíonn sé go láidir leis na himscrúduithe atá á ndéanamh ag Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta. Aithníonn an Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Úcráin an chuntasacht a áirithiú, lena n-áirítear maidir le coir an fhogha in aghaidh na hÚcráine. Iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún féachaint ar bhealaí lena bhféadfaí cuntasacht iomlán a áirithiú.

7. Tá an tAontas Eorpach tar éis a bhearta sriantacha i gcoinne na Rúise a threisiú a thuilleadh agus tá sé faoi réir leanúint den treisiú sin. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú, cosc a chur ar an teacht timpeall agus ar éascú an teacht timpeall sin, agus iarrann sí ar gach tír ailíniú le smachtbhannaí an Aontais. Ba cheart dlús a chur leis na hiarrachtaí i ndáil leis an méid sin. Phléigh an Chomhairle Eorpach bealaí chun an brú comhchoiteann ar an Rúis a mhéadú a thuilleadh le go gcuirfidh sí deireadh lena cogadh foghach.

8. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeadh cleachtais aontaithe ag an Aontas maidir le víosaí a eisiúint i ndáil le hiarratasóirí Rúiseacha, agus is díol sásaimh di na treoirlínte nuashonraithe ón gCoimisiún Eorpach.

9. Seasfaidh an tAontas Eorpach leis an Úcráin a fhad is gá. Leanfaidh sé de thacaíocht láidir pholaitiúil, mhíleata agus airgeadais a chur ar fáil don Úcráin, go háirithe dá riachtanais leachtachta, agus cuirfidh sé dlús lena fhreagairt dhaonnúil, go háirithe maidir le hullmhacht don gheimhreadh. Ghlac an Chomhairle an cinneadh maidir le Misean um Chúnamh Míleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin a sheoladh, chomh maith leis an gcinneadh a glacadh le déanaí i dtaca le bearta cúnaimh na Saoráide Eorpaí Síochána a mhéadú a thuilleadh mar thaca le Fórsaí Armtha na hÚcráine. Molann an Chomhairle Eorpach an obair atá ar bun ag Misean Comhairleach sibhialtach an Aontais Eorpaigh san Úcráin.

10. Iarrann an Chomhairle Eorpach go soláthrófaí go tráthúil an EUR 3 bhilliún de chúnamh macrairgeadais don Úcráin atá fágtha. Iarrann sí ar an gCoimisiún réiteach níos struchtúraí a chur ar aghaidh chun cúnamh a chur ar fáil don Úcráin, agus iarrann sí ar an gComhairle obair a dhéanamh ar an réiteach sin. Ba cheart leas iomlán a bhaint as an gComhaontú Comhlachais agus as an gComhaontú Domhain Cuimsitheach Saorthrádála leis an Úcráin chun a rochtain ar an Margadh Aonair a éascú.

11. Tá sé de rún daingean ag an Aontas Eorpach tacú le fóirithint, athshlánú agus atógáil na hÚcráine, in éineacht le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus le hinstitiúidí airgeadais. Roimh an gComhdháil Idirnáisiúnta Saineolaithe i mBeirlín an 25 Deireadh Fómhair 2022, phléigh an Chomhairle Eorpach rialachas agus maoiniú na n-iarrachtaí sin, agus athchóirithe san áireamh. Ina theannta sin, á mheabhrú di na conclúidí uaithi an 30-31 Bealtaine 2022, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún roghanna a thíolacadh i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta arb aidhm dóibh sócmhainní reoite a úsáid chun tacú le hatógáil na hÚcráine.

12. Tá sé curtha in iúl ag an Úcráin go bhfuil sí sásta glacadh le síocháin a bheadh cóir, agus lenar cheart a áireamh go n-urramófaí a hiomláine críche agus a ceannasacht, faoi mar a chosnaítear iad le Cairt na Náisiún Aontaithe; lena gcaomhnófaí cumas na hÚcráine í féin a chosaint amach anseo; lena n-áiritheofaí téarnamh agus atógáil na tíre, lena n-áirítear féachaint leis sin a dhéanamh le cistí ón Rúis; agus cuntasacht a shaothrú as coireanna na Rúise arna ndéanamh le linn an chogaidh.

13. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar údaráis na Bealarúise éirí as cogadh foghach na Rúise a chumasú, mar atá á dhéanamh acu faoi láthair trí chead a thabhairt d’fhórsaí armtha na Rúise críoch na Bealarúise a úsáid agus trí thacaíocht a thabhairt d'arm na Rúise. Ní mór do réimeas na Bealarúise cloí go hiomlán lena oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta. Tá an tAontas Eorpach réidh i gcónaí chun bogadh ar aghaidh go tapa le smachtbhannaí breise i gcoinne na Bealarúise.

14. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir freisin an tacaíocht mhíleata atá á tabhairt ag údaráis na hIaráine do chogadh foghach na Rúise, agus ní mór deireadh a chur léi. Maidir leis sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach smachtbhannaí an Aontais a glacadh an 20 Deireadh Fómhair 2022.

**Slándáil an tsoláthair bia**

15. Is í an Rúis, agus ise amháin, atá freagrach as géarchéim dhomhanda shlándáil an tsoláthair bia, géarchéim a spreag sí tríd an mbia a úsáid mar uirlis troda ina cogadh ar an Úcráin. Chuir cogadh foghach na Rúise isteach ar tháirgeadh talmhaíochta, ar shlabhraí soláthair agus ar thrádáil, rud a chuir ardú as cuimse ar phraghsanna domhanda bia agus leasacháin. Leis na Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin, bhíothas in ann líon suntasach de bharra, de tháirgí talmhaíochta agus de leasacháin na hÚcráine a onnmhairiú chuig na tíortha is mó atá i ngátar. Leanfaidh an tAontas Eorpach d'fheabhas a chur ar éifeachtúlacht na Lánaí Dlúthpháirtíochta go léir. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach leis an iarraidh ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe go gcuirfí síneadh le Tionscnamh Gráin na Mara Duibhe, tionscnamh atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe, tar éis na tréimhse reatha a mbeidh deireadh léi i mí na Samhna. Le smachtbhannaí an Aontais i gcoinne na Rúise, ní chuirtear aon toirmeasc ar onnmhairiú táirgí talmhaíochta nó bia idir tríú tíortha agus an Rúis.

## II. <u>BONNEAGAR CRITICIÚIL</u>

16. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na gníomhartha sabaitéireachta atá á ndéanamh i gcoinne bonneagar criticiúil, mar shampla na gníomhartha i gcoinne phíblínte Nord Stream. Is go haontaithe diongbháilte a fhreagróidh an tAontas Eorpach ar aon chur isteach a dhéanfar d'aon ghnó ar bhonneagar criticiúil nó ar ghníomhartha hibrideacha eile. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit bearta práinneacha éifeachtacha a dhéanamh, agus oibriú i gcomhar le chéile, leis an gCoimisiún agus le gníomhaithe ábhartha eile, chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a fheabhsú. Ba cheart obair a thabhairt chun cinn go tapa ar an togra le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe ón Aontas chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú, lena n-áirítear cur chun feidhme gan mhoill na Treorach athbhreithnithe maidir le slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise (an Treoir NIS 2) agus na Treorach maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil.

## III. FUINNEAMH AGUS AN GEILLEAGAR

17. I bhfianaise go bhfuil an fuinneamh á úsáid mar uirlis troda ag an Rúis, leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith aontaithe chun a chuid saoránach agus gnólachtaí a chosaint agus déanfaidh sé na bearta is gá mar ábhar práinne.

18. D'aontaigh an Chomhairle Eorpach, i bhfianaise na géarchéime leanúnaí, nach mór dlús a chur leis na hiarrachtaí chun an t-éileamh a laghdú, slándáil an tsoláthair a áirithiú, an chiondáil a sheachaint, agus chun na praghsanna fuinnimh a ísliú do theaghlaigh agus do ghnólachtaí ar fud an Aontais, agus go deimhin, na hiarrachtaí sin a threisiú, agus ní mór iomláine an Mhargaidh Aonair a chaomhnú.

    Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún cinntí nithiúla a thíolacadh go práinneach maidir leis na bearta breise seo a leanas, mar aon leis na tograí ón gCoimisiún, tar éis measúnú a dhéanamh ar a dtionchar, go háirithe ar chonarthaí atá ann cheana, lena n-áirítear gan difear a dhéanamh do chonarthaí fadtéarmacha, agus na meascáin fuinnimh agus na cúinsí náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh:

    a) ceannach comhpháirteach gáis ar bhonn deonach, cé is moite de chomhiomlánú ceangailteach an éilimh le haghaidh toirte arb ionann í agus 15 % de na riachtanais líonta stórála, agus dlús a chur leis an gcaibidlíocht le comhpháirtithe iontaofa féachaint le comhpháirtíochtaí a bhunú a ghabhfaidh chun tairbhe gach páirtí trí leas iomlán a bhaint as neart comhchoiteann mhargadh an Aontais agus leas iomlán á bhaint as Ardán an Aontais Eorpaigh um Cheannach Fuinnimh, ardán atá ar oscailt freisin do na Balcáin Thiar agus do thrí Chomhpháirtí ghaolmhara an Oirthir;

    b) tagarmharc comhlántach nua faoi thús 2023 lena léireofar ar bhealach níos cruinne na dálaí ar an margadh gáis;

c) praghasraon dinimiciúil sealadach maidir le hidirbhearta gáis nádúrtha chun teagmhais praghsanna iomarcacha gáis a theorannú láithreach, agus na coimircí a leagtar amach in Airteagal 23(2) den dréachtrialachán ón gComhairle a beartaíodh an 18 Deireadh Fómhair 2022 á gcur san áireamh;

d) creat sealadach de chuid an Aontais chun teorainn a chur le praghas an gháis i nginiúint an leictreachais, lena n-áirítear measúnú costais is tairbhe, gan an t-ord fiúntais a mhodhnú, agus, ag an am céanna, cosc á chur ar mhéadú an tomhaltais gáis, agus aghaidh á tabhairt ar an tionchar maoiniúcháin agus dáileacháin agus a thionchar ar shreabha lasmuigh de theorainneacha an Aontais;

e) feabhas a chur ar fheidhmiú na margaí fuinnimh chun trédhearcacht an mhargaidh a mhéadú, strus leachtachta a mhaolú agus deireadh a chur le himthosca a mhéadaíonn luaineacht na bpraghsanna gáis, agus caomhnú na cobhsaíochta airgeadais á áirithiú ag an am céanna;

f) simpliú na nósanna imeachta ceadúnúcháin a thapú chun dlús a chur le leathadh amach foinsí inathnuaite fuinnimh agus eangacha lena n-áirítear le bearta éigeandála ar bhonn Airteagal 122 CFAE;

g) bearta dlúthpháirtíochta fuinnimh i gcás ina dtarlódh suaitheadh sa soláthar gáis ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó ar leibhéal an Aontais, in éagmais comhaontuithe déthaobhacha dlúthpháirtíochta;

h) iarrachtaí breise chun fuinneamh a choigilt;

i) na huirlisí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a shlógadh. Ag an am ceanna, is é an tosaíocht is práinní atá ann teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint, go háirithe iad siúd is leochailí inár sochaithe. Tá sé ríthábhachtach freisin iomaíochas domhanda an Aontais a chaomhnú. Ba cheart na huirlisí ábhartha uile ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a shlógadh chun athléimneacht ár ngeilleagar a fheabhsú, agus ag an am céanna, iomaíochas domhanda na hEorpa á chaomhnú agus an cothrom iomaíochta agus sláine an mhargaidh aonair á gcoinneáil. Tá an Chomhairle Eorpach tiomanta freagairtí beartais a chomhordú go dlúth. Cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí dlúthchomhordú agus réitigh choiteanna ar an leibhéal Eorpach a fhorbairt, i gcás inarb iomchuí, agus tá sí tiomanta cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach ar bhealach aontaithe. Leanfaidh an Chomhairle de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de agus tá sí tiomanta dár gcomhordú a neartú a thuilleadh, chun freagairt bheartais dhiongbháilte mhear a thabhairt.

19. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur gá dlús a chur le hinfheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh, i mbonneagar fuinnimh a bheidh slán i bhfad na haimsire, lena n-áirítear idirnaisc, stóras agus teicneolaíochtaí nuálacha don fhuinneamh inathnuaite.

20. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún dlús a chur leis an obair ar athchóiriú struchtúrach an mhargaidh leictreachais, lena n-áirítear measúnú tionchair, agus iarrann sí go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn i dtreo Aontas Fuinnimh iomlán a d’fhónfadh don chuspóir dúbailte; ceannasacht fuinnimh agus aeráidneodracht na hEorpa.

21. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach an t-ábhar seo faoi bhreithniú.

## IV. AN CAIDREAMH SEACHTRACH

22. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir le caidreamh an Aontais Eorpaigh leis an tSín.

23. Phléigh sí freisin na hullmhúcháin don Chruinniú Mullaigh Comórtha AE-ASEAN, a bheidh ar siúl an 14 Nollaig 2022. Deis a bheidh sa chruinniú mullaigh Comhpháirtíocht Straitéiseach an Aontais Eorpaigh le ASEAN a dhoimhniú a thuilleadh agus an cion atá againn araon leis an dlí idirnáisiúnta agus leis na noirm agus na caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a chur i dtreis, chomh maith le béim a leagan ar a thábhachtaí atá na leasanna coiteanna a nascann an dá réigiún le chéile i gcomhpháirtíocht sheanbhunaithe.

24. Rinne an Chomhairle Eorpach a meas ar na hullmhúcháin atá á ndéanamh do Chomhdháil 2022 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP27) in Sharm el-Sheikh agus don 15ú Comhdháil de Chomhdhálacha na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (Cuid a Dó) i Montréal. I bhfianaise na dteagmhas adhaimsire, ar níos déine agus níos minice iad, agus lena n-áirítear tonnta teasa, falscaithe agus tuilte, agus i bhfianaise chailliúint na bithéagsúlachta ar fud an domhain, cailliúint nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, chuir sí i bhfios go láidir a mhórphráinní atá sé an fhreagairt dhomhanda a neartú ar an éigeandáil aeráide agus ar ghéarchéim na bithéagsúlachta. D’fhonn an cuspóir 1.5 °C a choinneáil faoi lámh, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Páirtithe uile, go háirithe na mórgheilleagair, féachaint an athuair ar a rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta, agus an rannchuidiú sin a neartú in am do COP27. Iarrann an Chomhairle Eorpach freisin go nglacfaí creat bithéagsúlachta domhanda don tréimhse tar éis 2020, creat a bheadh uaillmhianach, cuimsitheach agus claochlaitheach chun cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú.

25. Cáineann an Chomhairle Eorpach úsáid dhochosanta dhoghlactha an fhornirt ag údaráis na hIaráine i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe i gcoinne na mban, agus is díol sásaimh di bearta sriantacha an Aontais a glacadh an 17 Deireadh Fómhair 2022 i gcoinne lucht déanta na sáruithe tromchúiseacha sin ar chearta an duine. Iarrann sé ar an Iaráin stop a chur láithreach leis an gcniogbheartaíocht fhoréigneach i gcoinne agóideoirí síochánta agus iad siúd atá faoi choinneáil a scaoileadh saor, agus lánurraim á tabhairt dá gcearta sibhialta agus polaitiúla.

---